Sa bhaile

le BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

Ar tí Bogadh? Seo roinnt comhairle i leith do chuntas a athrú

Cláraigh le haghaidh duaiseanna! Dearbháin €100 le haghaidh Easons le bheith buaite gach uile lá

Molann The Power of One go n-úsáidfeá an riail 30 nóiméad

Geallann ár gCairt Custaiméirí, seirbhís custaiméirí den scoth duit

Cuir glaoch ar ár seirbhís ghutháin uathoibrithe ag am atá oiriúnach duitse

BGESAH0208

Ag cur bainistiú foraoiseachta inbhuanaithe agus athchúrsáil chun cinn

Issue 8

Ar tí Bogadh? Seo roinnt comhairle i leith do chuntas a athrú

Má tá tú ar tí bogadh, is gá duit do chuntas reatha a dhúnadh ar dtús.

Má theastaíonn uait é seo a dhéanamh, cuir glaoch orainn ag 1850 632 632 agus cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil sula bhfágfaidh tú an teach;

- D'ainm, do sheoladh reatha, uimhir do chuntais agus uimhir ghutháin.
- An seoladh nua a bheidh agat.
- An léamh méadair deireanach (caithfear é seo a shocrú leis an duine atá ag bogadh isteach ann), nó d'fhéadfá a bheith faoi dhliteanas go fóill le haghaidh gás nádúrtha a úsáidtear ag do sheoladh roimhe seo.
- Inis dúinn má tá an duine atá ag bogadh isteach ag do sheoladh reatha ag iarraidh leanúint le húsáid an gháis nádúrtha. Má tá inis dúinn a (h)ainm, a s(h)eoladh roimhe seo agus a (h)uimhir ghutháin. Nó beidh gá le glas a chur ar an méadar agus gearrfar táille ceangail €115 ar an duine atá ag bogadh isteach. Más é seo an cás atá ann agus má tá tú ag iarraidh go gcuirfear an méadar faoi ghlas, ba cheart fógra seacht lá a thabhairt dúinn le do thoil.

Nuair a bheidh tú ag bogadh isteach i do theach nua, beidh ort cuntas nua a oscailt nó do sheanchuntas a aistriú.

Má tá tú ag iarraidh é seo a dhéanamh, cuir glaoch orainn ag 1850 632 632 agus cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil dúinn;

- D'ainm, d'uimhir ghutháin agus do sheoladh nua.
- Do sheoladh roimhe seo agus uimhir do chuntais, má tá sé bainteach.
- Léamh tosaigh an mhéadair.

Éascaíonn an tseirbhís nua ar líne againn, bogadh do chuntais.

Ní gá ach cuairt a thabhairt ar **www.bordgaisenergysupply.ie** agus 'Seirbhísí do chustaiméirí reatha' (Services for existing customers) a roghnú. Is féidir foirmeacha ar líne agus eolas a fháil d'úinéirí cónaithe agus do thionóntaí araon.

cén t-athrú a dhéanfaidh tú?

Táimidne ag Bord Gáis Energy Supply sásta a bheith bainteach le clár éifeachtúlacht fuinnimh na hÉireann, is é sin, Power of One. Is féidir linn go léir difear mór a dhéanamh le hathrú beag amháin – agus tosaíonn sé seo sa bhaile. Seo roinnt smaointí le cabhrú leat tosú agus chun do bhille teasa a laghdú.

- Bain úsáid as an riail 30 nóiméad. Socraigh an teas ionas go múchfaidh sé 30 nóiméad roimh am luí agus ionas go dtiocfaidh sé ar siúl 30 nóiméad sula n-éireoidh tú ar maidin.
- Múch do chuid teasa nuair nach mbíonn tú istigh, nó má bhíonn tú imithe ar feadh roinnt laethanta.
- Ísligh an teas go dtí leibhéal compordach de 20°C – is féidir 10% a bhaint de do bhille teasa trí do theirmeastat a ísliú 1°C.
- Bíodh seirbhísiú déanta ar do choire gáis nádúrtha go bliantúil, le cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtúil.
- Cuir cosc ar shiorraí agus bí cinnte go mbíonn na fuinneoga dúnta nuair a bhíonn an teas ar siúl.
- Féach an bhfuil insliú ceart istigh i d'áiléar - d'fhéadfá suas le 20% a choigilt ar do bhillí teasa mar gheall air.

Department of Communications, Energy and Natural Resources
Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Seo mar a rinne teaghlach amháin athrú mór ar a gcuid billí.

Ghlac beirt tuistí ó Bhaile Átha Cliath, Niall agus Karen Heery agus a n-iníon aon bhliain d'aois, Laoise, páirt i ndúshlán Power of One – is dúshlán é seo atá leagtha síos ag saineolaithe fuinnimh le léiriú don ghnáththeaghlach cé chomh héasca is atá sé a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus go bhfuil leas airgid ag baint leis.

I measc na n-athruithe simplí a rinne siad, bhí dúnadh na gcuirtíní chun teas a choinneáil istigh agus athrú a dhéanamh ar an uaineadóir, ionas nach dtiocfadh an teas ar siúl ach amháin nuair a bhíonn sé ag teastáil. Bhain siad triall as cleachtadh zónála chomh maith - dúnadh na ndoirse chun ceantair théite a scaradh ó cheantair neamhthéite ina dteach féin, rud a laghdaigh an t-achar a bhí á théamh agus a rinne fuinneamh a choigilt. Nuair a bhí an Dúshlán Téite Spáis ar siúl, d'éirigh leo coibhéis bhliantúil de €150 a choigilt - laghdú fuinnimh de 23% agus laghdú CO2 de 9 dtonna. Agus sa Dúshlán Téite Uisce, choigil siad beagnach €82 - laghdú fuinnimh de 21% agus laghdú CO2 de 49 tonna.

Dá mba mhaith leat níos mó eolais a fháil faoi éifeachtúlacht fuinnimh sa bhaile, tabhairt cuairt ar www.powerofonestreet.ie

Socraím an teas le teacht ar siúl 30 nóiméad sula n-éirím ar maidin



power of one
energy efficiency for Ireland

Geallann ár gCairt Custaiméirí, Seirbhís Custaiméirí den scoth duit

ÁR DTIOMANTAS DUITSE

Tá Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis tiomanta seirbhís custaiméirí atá ar ardchaighdeán agus atá comhsheasmhach, a chur ar fáil duit. Aithnímid an tábhacht atá le bheith ag éisteacht agus a bheith ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.Déanann an Chairt Custaiméirí seo cur síos ar leibhéal na seirbhíse custaiméirí a gheallaimid a bheidh á chur ar fáil duit le linn do chuid déileála le Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis.

ÁR GCAIGHDEÁIN DE SHEIRBHÍS CUSTAIMÉIRÍ AR AN IOMLÁN

Bíonn Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis ag obair le cinntiú go bhfuil eolas soiléir, tráthúil agus cruinn ar fáil do na custaiméirí go léir go héasca, ag gach pointe teagmhála. Leanaimid de bheith ag iarraidh simpliú a dhéanamh ar na rialacha, na nósanna imeachta agus na bileoga eolais. Is féidir dul i dteagmháil linn ar an nguthán, i litir, trí ríomhphost nó trínar suíomh idirlín ag www.bordgaisenergysupply.ie

Beidh ár bhfoireann do Theagmháil Custaiméirí béasach agus cúirtéiseach an t-am go léir agus tabharfaidh siad a n-ainm duit.Bímid ag éisteacht agus ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus cuirimid fáilte roimh aischothú ar bith maidir leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Déanfaimid ár bhfoireann a oiliúint chun na seirbhísí a bhfuil cur síos orthu sa Chairt seo, a chur ar fáil agus coinneoimid ár gcuid oiliúna cothrom le dáta. Déanaimid monatóireacht agus tomhas ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil, le bheith cinnte go bhfuil ár ngeallúintí á gcomhlíonadh againn.

1. Ráthaíocht faoi Fhiosruithe Billeála

Is féidir an chuid is mó de do fhiosruithe faoi do bhille nó íocaíocht do bhille a fhreagairt ar an nguthán, láithreach bonn. Má scríobhann tú chugainn le fiosrú billeála, déanaimid measúnú ar do fhiosrú agus tugaimid freagra air taobh istigh de 10 lá gnó. Má theipeann orainn freagra a thabhairt duit taobh istigh de 10 lá gnó, bíonn tú i dteideal íocaíocht €35 a fháil.

2. Ráthaíocht Aisíocaíochta

I gcás go nglacaimid leis go bhfuil tú i dteideal creidmheas a fháil ar bhunús ar bith maidir le do bhille, tugaimid ráthaíocht duit go gcuirfear creidmheas isteach i do chuntas taobh istigh de 10 lá gnó, tar éis don mhéid a íocfar a bheith socraithe. Má theipeann orainn creidmheas a chur isteach i do chuntas taobh istigh de 10 lá gnó, bíonn tú i dteideal íocaíocht €35 a fháil.

3. Ráthaíocht an Chóid Cleachtais do Mhargaíocht

Tugaimid ráthaíocht duit go gcomhlíonfaimid ár gCód Cleachtais do Mhargaíocht agus go nglacfaimid leis na cleachtais mhargaíochta is fearr, mar atá leagtha amach sa Chód seo. Má theipeann orainn an ráthaíocht seo a chomhlíonadh, bíonn tú i dteideal íocaíocht €35 a fháil.

4. Ráthaíocht faoi Láimhseáil Gearán

Tá sé mar aidhm againn buairt agus gearáin na gcustaiméirí go léir a leigheas chomh tapa agus chomh cothrom agus is féidir. Tá Cód Cleachtais faoi Láimhseáil Ghearáin na gCustaiméirí foilsithe againn, a dhéanann cur síos ar ár dtiomantas agus ár nósanna imeachta maidir le réiteach ghearáin na gcustaiméirí. Má theipeann orainn ár dtiomantas mar atá leagtha amach sa Chód seo a chomhlíonadh, bíonn tú i dteideal íocaíocht €35 a fháil.

5. Ráthaíocht faoi Sheirbhísí Speisialta

Cuirimid réimse de sheirbhísí speisialta ar fáil le cabhrú le custaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá na seirbhísí seo foilsithe i gCód Cleachtais Chlár na Seirbhísí Speisialta. Má theipeann orainn ár dtiomantas do na custaiméirí ar Chlár na Seirbhísí Speisialta a chomhlíonadh, bíonn tú i dteideal íocaíocht €35 a fháil.

6. Ráthaíocht an Chóid Cleachtais do Bhilleáil

Tá nósanna imeachta soiléire againn a chinntíonn nach ndéantar an soláthar a dhícheangal i gcás riaráiste, ach amháin mar rogha dheiridh. Tá Cód Cleachtais foilsithe againn maidir le do bhille a íoc le Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis, a dhéanann cur síos ar an gcaoi a ndéanaimid déileáil le custaiméirí a mbíonn deacracht acu lena mbille a íoc. Má theipeann orainn ár dtiomantas a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chód seo, bíonn tú i dteideal íocaíocht €35 a fháil.

Is féidir cóipeanna dár gCóid Cleachtais tacaíochta a chlúdaíonn:

- Margaíocht
- Láimhseáil Ghearáin na gCustaiméirí
- Íocaíocht do Bhille le Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis
- Clár na Seirbhísí Speisialta a chur chugat ar iarratas nó is féidir leat féachaint orthu ar líne ag

www.bordgaisenergysupply.ie

SÉANADH

Seans nach mbeimid in ann ár dtiomantas seirbhíse a chomhlíonadh mar gheall ar choinníollacha nach bhfuil aon neart againn orthu, i gcásanna eisceachtúla. Ina measc seo bheadh cur isteach mór ar an soláthar, gníomhartha/damáiste ó tríú páirtí éigin, priacal sábháilteachta, bac ar rochtain do thí nó nuair a bhrisfeadh Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis an dlí mar gheall ar ghníomhartha áirithe.

Déantar íocaíochtaí faoin gCairt seo maidir le teip i gcomhlíonadh an tiomantais, gan a bheith ag admháil go bhfuil aon dliteanas dlíthiúil ar Sholáthar Fuinnimh Bhord Gáis.

Má tá aon neamhréir nó coimhlint idir Cairt seo na gCustaiméirí agus Téarmaí agus Coinníollacha an tSoláthair, beidh forlámhas ag Téarmaí agus Coinníollacha an tsoláthair.

An ndearna tú dearmad glaoch a chur orainn inniu?

Tá ár seirbhís ghutháin uathoibrithe ar fáil duit 24 uair in aghaidh an lae, 7 lá in aghaidh na seachtaine.

Mar sin roghnaigh am atá oiriúnach duitse agus is féidir leat;

- Bille a íoc
- Léamh méadair a chur isteach nó
- Fiosrúchán cuntais a dhéanamh

Cuir glaoch orainn ag;
1850 632 632 le haghaidh na seirbhísí Béarla agus Gaeilge againn,
1850 633 633 dár seirbhísí Polainnise, Rúisise agus Sínise (Mandairínis).